# Filíocht Ainmnithe

# Gealt?

Freagair (a) **agus** (b) anseo.

(a) (i) ‘‘Is cumasach an léiriú a dhéantar ar iompar lucht an bhus sa dán, **Gealt?**, nuair a léim fear in airde ar bhus a sé déag.’’
É sin a phlé.

(ii) Nóta gairid uait faoin gcúis, dar leat, ar chuir an file comhartha ceiste le teideal an dáin.

## Freagra Samplach

(a) (i) Aontaím leis an ráiteas seo. Baineadh geit as lucht an bhus nuair a léim fear in airde ar bhus a sé déag agus pitseámaí air. Gealt a bhí ann, dar leo.

Rug fear gnó greim docht daingean ar a *bhriefcase*! Chrosáil bean eile a bhí ina suí trí shuíochán ón ngealt a cosa! Rug máthair greim breá láidir ar a páiste le teann eagla! Feicimid tiománaí an bhus agus fuarallas leis ag glaoch ar an depot! Tá an-ghreann ag baint leis an gcaint a chuir sé uaidh: ‘‘A Chríost, cuir fios ar na *bloody* Gardaí’’.! Cuireann an file íomhánna cumasacha os ár gcomhair. Bhí droch chaoi ar phaisinéirí an bhus faoin am a shroicheadar Ráth Fearnáin. Bhí an fear gnó báite ina chuid allais féin! Bhí bríste an tiománaí bus fliuch! Feicimid bean na gcos crosáilte agus í fós coschrosáilte!

Éiríonn leis an bhfile atmaisféar an teannais is na heagla a chruthú. Éiríonn léi gáire a bhaint asainn. Bhí duine amháin i measc lucht an bhus nach bhfaca gealt. Ní fhaca an páiste ach fear a raibh pitseámaí á chaitheamh aige. Bhí an páiste in éad leis mar atá léiríthe i líne dheiridh an dáin. Déanann an file léiriú cumasach ar iompar lucht an bhus, dar liom.

(b) (ii) Sílim féin go bhfuil an comhartha ceiste atá curtha le teideal an dáin an-éifeachtach. Is í an cheist atá curtha: an raibh an fear a léim in airde ar bhus a sé déag as a mheabhair? Éiríonn leis an bhfile sinn a chur ag machnamh ar na coinbhinsiúin atá ag daoine fásta maidir le nósanna an tsaoil seo. Feicimid nach raibh an páiste faoi smacht ag na coinbhinsiúin seo.